Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Lúnasa 2022**
**(OR. en)**

**11755/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0232(COD)**

**TRANS 524**
**CODEC 1211**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 381 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle lena dtugtar isteach córas cuntasaíochta don chaiteachas ar bhonneagar i leith iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre, agus Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiún lena sonraítear na hítimí atá le cur san áireamh faoi na ceannteidil éagsúla i bhfoirmeacha na gcuntas a léirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 381 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 381 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.8.2022
COM(2022) 381 final

2022/0232 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle lena dtugtar isteach córas cuntasaíochta don chaiteachas ar bhonneagar i leith iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre, agus Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiún lena sonraítear na hítimí atá le cur san áireamh faoi na ceannteidil éagsúla i bhfoirmeacha na gcuntas a léirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

An togra seo le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 agus Rialachán (CE) Uimh. 851/2006, cuirtear isteach é i gcomhthéacs chlár REFIT an Choimisiúin[1] agus thiomantas an Choimisiúin maidir le rialáil níos fearr. Is é is aidhm dó a áirithiú go mbeidh ann creat dlíthiúil ardchaighdeáin atá oiriúnach dá fheidhm, dá dtagraítear sa Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht níos Fearr[2]. Chuige sin, tá an Coimisiún tar éis na gníomhartha sin atá imithe i léig agus atá á moladh aige, a shainaithint lena n-aisghairm.

D'fhógair an Coimisiún go bhfuil sé de rún aige Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 a aisghairm ina chlár oibre le haghaidh 2020[3]. Bunaithe ar Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (sean-Airteagal 71 CCE agus sean-Airteagal 75 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh), ceanglaítear le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 go mbaileofar sonraí faoi chaiteachas bonneagair i leith iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealaí intíre, chomh maith le staidreamh a bhailiú i ndáil le húsáid an bhonneagair chomhfhreagraigh. Ba é príomhchuspóir an Rialacháin faisnéis a bhailiú faoi chaiteachas bonneagar iompair agus faoi úsáid bonneagair iompair ('tuairisceáin') sna Ballstáit chun córas a fhorbairt maidir le muirear a ghearradh ar úsáid an bhonneagair faoin gcomhbheartas iompair.

I bhfianaise na ndeacrachtaí a bhí ag na Ballstáit maidir leis na sonraí a iarradh a thuairisciú, leasaíodh Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 le Rialachán (CEE) Uimh. 1384/79 ón gComhairle[4]. Leis an Rialachán seo, tugadh isteach simplithe agus ceartúcháin d'fhonn ceanglais sonraí a dhéanamh níos éadroime. Rinneadh ceithre leasú eile ar Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70[5] tar éis aontachas na mBallstát nua.

Ina theannta sin, le Rialachán (CEE) Uimh. 2598/70[6], arna leasú le Rialachán (CEE) Uimh. 2116/78 ón gCoimisiún[7], le Rialachán (CE) Uimh. 906/2004 ón gCoimisiún, agus le Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiún[8], tugadh sainmhínithe ar roinnt de na hítimí ba cheart a chur san áireamh faoi cheannteidil éagsúla na gcuntas a leagtar síos le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70.

---

[1] https://ec.europa.eu/info/law/law-making-process/evaluating-and-improving-existing-laws/refit-making-eu-law-simpler-less-costly-and-future-proof_en

[2] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

[3] COM(2020) 37 final - IARSCRÍBHINN 5.

[4] IO L 167, 5.7.1979, lch. 1.

[5] Rialachán (CEE) Uimh. 3021/81 ón gComhairle, IO L 302, 23.10.1981, lch. 8; Rialachán (CEE) Uimh. 3572/90 ón gComhairle, IO L 353, 17.12.1990, lch. 12; Rialachán (CE) Uimh. 1791/2006 ón gComhairle, IO L 363, 20.12.2006, lch. 1; agus Rialachán (AE) Uimh. 517/2013 ón gComhairle, IO L 158, 10.6.2013, lch. 1.

[6] IO L 278, 23.12.1970, lch. 1.

[7] IO L 246, 8.9.1978, lch. 7.

[8] IO L 158, 10.6.2006, lch. 3.

I gcomhréir le hAirteagal 9(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70, ba cheart don Choimisiún tuarascáil achomair ina mbeidh an príomhstaidreamh maidir le caiteachas agus úsáid bonneagair iompair a chur faoi bhráid na Comhairle gach bliain. Go dtí seo, tá 15 thuarascáil curtha isteach ag an gCoimisiún. Ba in 1994 a foilsíodh an 15ú tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir le caiteachas ar bhonneagar iarnróid, bóithre agus uiscebhealaí intíre agus maidir le húsáid an bhonneagair sin, lenar cumhdaíodh sonraí ó 1987 go 1989[9]. D'ainneoin na meabhrúcháin leantacha a tugadh, mhainnigh roinnt Ballstát na sonraí uile a sholáthar le haghaidh na mblianta faoi athbhreithniú nó níor sholáthair siad na sonraí san fhoirm a cheanglaítear leis an Rialachán. Leis sin, baineadh an bonn de rialtacht na bhfoilseachán agus d'fhág sé sin nach bhféadfaí comhiomláin an Aontais a ríomh.

Níor ullmhaigh an Coimisiún aon tuarascáil nua ó bhí 1998 ann, go príomha toisc gur beag na sonraí a fuair sé ó na Ballstáit agus toisc go raibh na sonraí a fuair sé neamhiomlán den chuid is mó. Ó bhí 2005 ann, níor thuairiscigh ach ceithre Bhallstát sonraí infheistíochta bonneagair don Choimisiún ar bhonn Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70.

Ina theannta sin, tá na sainmhínithe agus na haicmithe a úsáidtear sa Rialachán imithe i léig. I measc na samplaí is sonraíche tá Ranna A.1 agus A.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán, ina liostaítear na hoibreoirí iarnróid uile san Eoraip ar cheart do na Ballstáit caiteachas bonneagair faoi seach a bhailiú ina leith, gan aird a thabhairt ar an bpróiseas a bhaineann le hoscailt mhargadh na hearnála iarnróid a thugtar isteach leis na pacáistí éagsúla iarnróid agus leis na hathruithe ar rialachas, go háirithe an deighilt idir bainisteoirí bonneagair agus cuideachtaí iarnróid, a tharla i gcuid de na cuideachtaí a luaitear san Iarscríbhinn. Ní mholtar ach oiread ainmneacha cuideachta na n-oibreoirí iarnróid a liostú i ngníomh reachtach, ós rud é go bhféadfaidís athrú le himeacht ama de bharr atheagrúcháin agus an Iarscríbhinn a chur i léig go tapa dá réir sin.

Ina theannta sin, tá go leor coincheap agus aicmithe as dáta (e.g. traenacha paisinéirí a aicmítear mar 'mhearthraenacha fadraoin agus mearthraenacha' agus 'eile'; traenacha earraí a aicmítear mar 'mhearsheirbhís' agus mar 'ghnáthsheirbhís'; 'ciliméadair a oibríodh' a dtugtar 'ciliméadair' orthu go hiondúil agus nach bhfuil sainmhíniú iomchuí orthu. Tá cinn eile ar neamhréir leis na haicmithe atá ann faoi láthair. Mar shampla, iarrtar sa Rialachán táscairí don chatagóir 'veain le meáchan ualaithe ceadaithe iomlán is lú ná 3 thona méadrach', ach an reachtaíocht atá ann faoi láthair – Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009[10] agus Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009[11] – tá sí dírithe ar fheithiclí fóntais éadroma a bhfuil uasmheáchan ualaithe ceadaithe idir 2.5 agus 3.5 tona acu).

---

[9] COM(94) 47.
[10] IO L 300, 14.11.2009, lch. 51.
[11] IO L 300, 14.11.2009, lch. 72.

## 2. Torthaí an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara agus an measúnú inmheánach

### 2.1. Comhairliúchán

In 2017, rinne an Coimisiún comhairliúchán spriocdhírithe le hoifigí staidrimh náisiúnta faoi na deacrachtaí a bhí ag na Ballstáit na ceanglais a leagtar síos le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 a chomhlíonadh. Ba é príomhthátal an chomhairliúcháin go raibh na sonraí i ndáil le caiteachas bonneagair iompair ar fáil go ginearálta ar leibhéal na haireachta, cé nach raibh siad ar leibhéal na sonraí a cheanglaítear leis an reachtaíocht. Is lú fós an staidreamh tráchta a bhí ar fáil a bhain le húsáid bonneagair iompair ('tuairisceáin'). Bailíonn oifigí staidrimh náisiúnta an fhaisnéis sin go ginearálta, de réir rialacháin éagsúla staidrimh earnála (Rialachán (AE) Uimh. 70/2012 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar [12], Rialachán (AE) 2018/974 maidir le staidreamh ar iompar earraí d'uiscebhealaí intíre[13], agus Rialachán (AE) 2018/643 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród[14]). Mar sin féin, níl an miondealú a cheanglaítear le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ar fáil den chuid is mó.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a bailíodh ó na 15 thuarascáil agus ón gcomhairliúchán le hoifigí staidrimh náisiúnta, rinne roinn ábhartha an Choimisiúin measúnú ar Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 i dtéarmaí a éifeachtachta agus a éifeachtúlachta, a chomhleanúnachais, a ábharthachta agus a bhreisluacha AE.

Éifeachtacht agus éifeachtúlacht: Is éard atá sa Rialachán go fóill cleachtadh bailithe sonraí do na Ballstáit a bhfuil ualach rómhór ag baint leis, seachas cleachtadh éifeachtach agus éifeachtúil, mar gheall ar na leibhéil ísle tuairiscithe a cheanglaítear agus na deacrachtaí teicniúla a bhaineann leis na sonraí a bhailiú.

Comhleanúnachas: Tá forluí páirteach i Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 leis na rialacha bailithe sonraí is déanaí atá i bhfeidhm faoi láthair. Maidir leis na sonraí i ndáil le caiteachas bonneagair, is leis an mbailiú sonraí faoi Rialachán TEN-T (Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013) atá an forluí is soiléire[15], Rialachán lena mbailítear méid suntasach faisnéise teicniúla agus airgeadais faoi chroíghréasán agus ghréasáin chuimsitheacha TEN-T. Leis an Suirbhé um Fhaireachán ar an Margadh Iarnróid, bunaithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1100 ón gCoimisiún[16], bailítear faisnéis faoi na hiarnróid san Eoraip, lena n-áirítear faisnéis faoi chaiteachas bonneagair iarnróid le haghaidh cothabhála, athnuachan, uasghráduithe agus bonneagar nua. Maidir leis na sonraí i ndáil le húsáid bonneagair, bailíonn Eurostat staidreamh éagsúil i ndáil le hiompar lasta de bhóthar, iompar d'iarnród agus iompar d'uiscebhealaí intíre a bhfuil forluí páirteach ann le táscairí tráchta Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70. Bhailigh an Fóram Iompair Idirnáisiúnta (ITF/ECFE) faisnéis faoi bhonneagar agus cothabháil iompair óna chomhaltaí go rialta ó bhí 1995 ann, agus d'fhoilsigh sé figiúirí caiteachais maidir le bóithre (agus sonraí ar leith á soláthar freisin maidir le

---

[12] IO L 32, 3.2.2012, lch. 1.
[13] IO L 179, 16.7.2018, lch. 14.
[14] IO L 112, 2.5.2018, lch. 1.
[15] IO L 348, 20.12.2013, lch. 1.
[16] IO L 181, 9.7.2015, lch. 1.

mótarbhealaí), le hiarnród, le huiscebhealaí intíre, le calafoirt mhuirí agus le haerfoirt. Dá bhrí sin, tá Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ar neamhréir leis na gníomhartha dlíthiúla is déanaí lena gcuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit sonraí infheistíochta bonneagair iompair a thuairisciú.

Ábharthacht: Dréachtaíodh Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 tráth a raibh an ról ba mhó ag na trí mhodh iompair intíre sa bheartas iompair le haghaidh na naoi mBallstát de Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa. Tá iompar intíre fós ar an modh iompair is ábhartha laistigh den Eoraip, ach leis an bpróiseas domhandaithe agus leis an méadú ar inrochtaineacht agus nascacht eitlíochta, cuireadh béim bhreise ar an gcaiteachas bonneagair le haghaidh calafoirt mhuirí agus eitlíochta, rud nach gcumhdaítear leis an Rialachán.

Breisluach AE: Tá breisluach soiléir ann maidir le foinse aonair sonraí le haghaidh caiteachas bonneagair iompair a bheith ann ar an leibhéal Eorpach (atá in easnamh faoi láthair), seachas an fhaisnéis sin a fháil ar leithligh ó gach Ballstát. Mar sin féin, ní raibh ach ceithre Bhallstát ag tuairisciú na faisnéise sin, mar gheall ar an leibhéal íseal sonraí a cheanglaítear agus na deacrachtaí teicniúla a bhaineann leis na sonraí a bhailiú. Ní úsáidtear an fhaisnéis a fhaightear i gcomhair aon tionscnamh beartais ná aon anailís theicniúil.

Mar chonclúid, tá Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 imithe i léig agus tá na sonraí a bhaileofaí faoin Rialachán ar fáil ó fhoinsí eile nó níl gá leo a thuilleadh san fhoirm ná sna sonraíochtaí a cheanglaítear faoin Rialachán. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 a aisghairm. Leis sin, cuirfear deireadh le neamhréireachtaí i ndlíchóras an Aontais agus cuideofar le reachtaíocht an Aontais a shimpliú trí dheireadh a chur le gníomh dlí atá imithe i léig anois.

Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiún lena sonraítear na hítimí atá le cur san áireamh faoi na ceannteidil éagsúla i bhfoirmeacha na gcuntas a léirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle a aisghairm freisin.

### 2.2. Tionchar na haisghairme

Bunaithe ar an anailís ar an bhfaisnéis a bailíodh ó na 15 thuarascáil agus ar na sonraí nár chuir ach ceithre Bhallstát ar fáil ó bhí 2015 ann, meastar gur diomaibhseach an tionchar a bheadh ag aisghairm an Rialacháin.

Maidir leis na ceithre Bhallstát a thuairiscíonn sonraí faoi láthair, laghdófar a n-ualach riaracháin.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Is éard atá sa togra aisghairm Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle agus aisghairm Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiún.

2022/0232 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle lena dtugtar isteach córas cuntasaíochta don chaiteachas ar bhonneagar i leith iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre, agus Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiún lena sonraítear na hítimí atá le cur san áireamh faoi na ceannteidil éagsúla i bhfoirmeacha na gcuntas a léirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[17],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[18],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá dearbhaithe ag Parlaimint na hEorpa, ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag an gCoimisiún Eorpach araon go bhfuil siad tiomanta dó an reachtaíocht atá sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 a nuashonrú agus a shimpliú[19].

(2) Chun líon an *acquis* reachtaigh a laghdú agus chun slacht a chur air, is iomchuí é a scrúdú go rialta agus aon reachtaíocht atá imithe i léig a shainaithint. Is fiú an reachtaíocht atá imithe i léig a aisghairm d'fhonn an creat reachtach a choinneáil trédhearcach, soiléir agus éasca le húsáid ag na Ballstáit agus ag na páirtithe leasmhara.

(3) Le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle[20], ceanglaítear ar na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas bonneagair i leith iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealaí intíre, agus ar thorthaí a bhaineann le húsáid an bhonneagair.

(4) Is ar fhorálacha agus ar shainmhínithe atá imithe i léig a bhunaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 agus tá sé ar neamhréir leis na gníomhartha dlíthiúla eile is déanaí atá i

[17] IO C , , lch. .
[18] IO C , , lch. .
[19] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.
[20] Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle an 4 Meitheamh 1970 lena dtugtar isteach córas cuntasaíochta le haghaidh
caiteachas bonneagair i leith iompair d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre (IO L 130, 15.6.1970, lch. 4).

bhfeidhm faoi láthair lena gcuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar shonraí infheistíochta bonneagair iompair agus ar úsáid bonneagair.

(5) Baineann deacrachtaí iomarcacha riaracháin maidir leis na sonraí a bhailiú le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70. Ó bhí 2005 ann, níor sholáthair ach ceithre Bhallstát na sonraí a cheanglaítear leis an Rialachán.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 a aisghairm chun deireadh a chur le neamhréireachtaí i ndlíchóras an Aontais agus ba cheart go rannchuideodh sin le simpliú reachtaíocht an Aontais trí dheireadh a chur le gníomh dlí atá imithe i léig anois.

(7) Ós rud é go gcuirtear Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70[21] chun feidhme le Rialachán (CE) Uimh. 851/2006, rachaidh an cuspóir atá leis in éag le haisghairm Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 a aisghairm freisin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 agus Rialachán (CE) Uimh. 851/2006.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

---

21 Rialachán (CE) Uimh. 851/2006 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2006 lena sonraítear na hítimí atá le cur san áireamh faoi
na ceannteidil éagsúla i bhfoirmeacha na gcuntas a léirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 1108/70 ón gComhairle
(IO L 158, 10.6.2006, lch. 3).